**A1 Topaic 6**

**09 Spáinneach in Éirinn**
**Cuid a hAon**

**Léitheoireacht**

2

## 09 Spáinneach in Éirinn

**Le múineadh:**
- Dul siar ar a bhfuil múinte faoin saol laethúil.

3

**Bileog**

**Spáinneach in Éirinn**
**Foclóir Úsáideach**

4

©GaeilgegoDeo 2023

## Foclóir Úsáideach

- Sula léann tú an sliocht faoi shaol Maria in Éirinn, déan iarracht na focail Ghaeilge ar chlé a mheaitseáil leis na focail Bhéarla ar dheis.

5

## Foclóir úsáideach

| | |
|---|---|
| 1. cúpla bliain | a. very different |
| 2. an-difriúil | b. I meet my friends |
| 3. an-ghnóthach | c. now and again |
| 4. isteach sa chathair | d. a couple of years |
| 5. custaiméirí | e. I'm free on Sundays. |
| 6. má bhím tuirseach | f. very busy |
| 7. anois is arís | g. into the city |
| 8. bím saor ar an Domhnach | h. I love |
| 9. is aoibhinn liom | i. if I'm tired |
| 10. casaim ar mo chairde | j. customers |

6

## Foclóir úsáideach - Freagraí

| | |
|---|---|
| 1. cúpla bliain | **d.** a couple of years |
| 2. an-difriúil | **a.** very different |
| 3. an-ghnóthach | **f.** very busy |
| 4. isteach sa chathair | **g.** into the city |
| 5. custaiméirí | **j.** customers |
| 6. má bhím tuirseach | **i.** if I'm tired |
| 7. anois is arís | **c.** now and again |
| 8. bím saor ar an Domhnach | **e.** I'm free on Sundays |
| 9. is aoibhinn liom | **h.** I love |
| 10. casaim ar mo chairde | **b.** I meet my friends |

7

©GaeilgegoDeo 2023

**Bileog**

**Spáinneach in Éirinn**
**Frásaí Úsáideacha**

8

## Frásaí Úsáideacha

- Déan iarracht abairtí iomlána a dhéanamh as tús na n-abairtí ar chlé agus ag deireadh na n-abairtí ar dheis.
- Tá siad bunaithe ar struchtúir dheacra agus foclóir nua atá ar fáil sa sliocht.
- *Mar shampla:*

*1. Má bhím tuirseach, ní fhéachaim ar an teilifís san oíche.*

9

## Frásaí Úsáideacha

- Má bhím tuirseach…
- Má bhím gnóthach…
- Má bhím sa chathair…
- Má bhím saor…
- Má chasaim ar mo chara…

10

©GaeilgegoDeo 2023

## Frásaí Úsáideacha

a. …téimid go dtí an teach tábhairne

b. …téim ag siopadóireacht.

c. …ní fhéachaim ar an teilifís san oíche.

d. …ní théim ag snámh ag deireadh an lae.

e. …buailim le mo chairde agus téimid go dtí bialann

11

## Frásaí Úsáideacha - Freagraí

- Má bhím tuirseach…ní fhéachaim ar an teilifís san oíche.
- Má bhím gnóthach…ní théim ag snámh ag deireadh an lae.
- Má bhím sa chathair… buailim le mo chairde agus téimid go dtí bialann.

12

## Frásaí Úsáideacha - Freagraí

- Má bhím saor…téim ag siopadóireacht.
- Má chasaim ar mo chara . . . . téimid go dtí an teach tábhairne.

13

©GaeilgegoDeo 2023

**Bileog**

**Spáinneach in Éirinn**
**Ord na bhfocal sa sliocht**

14

## Ord na bhfocal sa sliocht

- Scríobh an t-ord ina dtagann na focail seo a leanas aníos sa sliocht in aice le gach ceann acu.

15

## Ord na bhfocal sa sliocht

- anois agus arís
- an-difriúil
- bím saor ar an Domhnach
- casaim ar mo chairde
- cúpla bliain
- is aoibhinn liom
- na laethanta sin
- isteach sa chathair
- an-ghnóthach
- custaiméirí

16

©GaeilgegoDeo 2023

## Ord na bhfocal sa sliocht - Freagraí

a. anois agus arís
b. an-difriúil
c. bím saor ar an Domhnach
d. casaim ar mo chairde
e. cúpla bliain
f. is aoibhinn liom
g. na laethanta sin
h. isteach sa chathair
i. an-ghnóthach
j. custaiméirí

- **7**
- **2**
- **8**
- **6**
- **1**
- **9**
- **10**
- **4**
- **3**
- **5**

17

## Bileog

## Spáinneach in Éirinn
## Sliocht Suimiúil

18

## Sliocht Suimiúil

- Léigh an sliocht seo thíos agus ansin léigh na ráitis.
- Cuir tic le A, B nó C i ngach cás.

- (A) Fíor
- (B) Bréagach
- (C) Ní deirtear

19

©GaeilgegoDeo 2023

## Sliocht Suimiúil

Is mise Maria. Is Spáinneach mé ach tá mé i mo chónaí in Éirinn le cúpla bliain. Tá mé ag obair i mbialann i mBaile Átha Cliath. Is breá liom an tír seo agus na hÉireannaigh ach tá an saol laethúil an-difriúil. Is as sráidbhaile beag faoin tuath mé. Tá Baile Átha Cliath an-mhór agus an-ghnóthach. San áit a raibh cónaí ormsa, éiríonn na Spáinnigh timpeall a hocht a chlog agus tosaíonn siad ag obair idir a naoi agus leath i ndiaidh a naoi.

20

## Sliocht Suimiúil

I mBaile Átha Cliath, éirím ar leath i ndiaidh a sé ar maidin. Téim isteach sa chathair ar an Luas agus tosaím ag obair sa bhialann ar a hocht a chlog. Ólaim cupán caifé go tapa agus déanaim an bricfeasta do na custaiméirí. Ní bhíonn mo bhricfeasta agam féin go dtí leath i ndiaidh a deich.

21

## Sliocht Suimiúil

Tosaím ag obair arís ar a haon déag agus oibrím go dtí leath i ndiaidh a dó. Ithim mo lón sa bhialann agus ansin téim amach ag siúl nó ag féachaint ar na siopaí, nó bíonn cupán caifé agam le cara. Tosaím ag obair ansin ar a ceathair agus oibrím go dtí a hocht a chlog.

22

©GaeilgegoDeo 2023

## Sliocht Suimiúil

Má bhím tuirseach, téim díreach abhaile agus féachaim ar an teilifís nó léim leabhar. Go minic, casaim ar mo chairde sa chathair agus téimid chuig scannán. Anois is arís, téimid go dtí an teach tábhairne agus éistimid le grúpa ceoil ag seinm. Is breá liom ceol traidisiúnta - éistim leis ar an raidió go minic agus téim chuig seisiúin sa teach tábhairne in aice le mo theach.

23

## Sliocht Suimiúil

Sa samhradh, téim ag siúl cois farraige agus uaireanta, téim ag snámh. Bím saor de ghnáth Dé Domhnaigh agus Dé Luain. Is aoibhinn liom na laethanta sin!

24

## Freagraí - Sliocht Suimiúil

1. Ní itheann sí bricfeasta.
   (B) **Bréagach**

2. Ólann sí caifé san oifig ar a 9 a chlog.
   (C) **Ní deirtear**

3. Má bhíonn sí tuirseach, téann sí abhaile agus téann sí a luí.
   (B) **Bréagach**

25

©GaeilgegoDeo 2023

## Freagraí - Sliocht Suimiúil

4. Go minic, téann sí chuig scannán le cairde.
   (A) **Fíor**

5. Ní maith léi ceol traidisiúnta.
   (B) **Bréagach**

26

## Freagraí - Sliocht Suimiúil

6. Sa samhradh, téann sí abhaile go dtí an Spáinn.
   (C) **Ní deirtear**

7. Bíonn sí saor ón obair dhá lá gach seachtain.
   (A) **Fíor**

27

## Freagraí - Sliocht Suimiúil

1. (B) Bréagach
2. (C) Ní deirtear
3. (B) Bréagach
4. (A) Fíor
5. (B) Bréagach
6. (C) Ní deirtear
7. (A) Fíor

28

©GaeilgegoDeo 2023